Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/757

24.2.2026

# Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún —Global Gateway an Aontais ar an Leibhéal Áitiúil

(C/2026/757)

**Rapóirtéir**: Jaume DUCH GUILLOT (ES/PSE), An tAire Gnóthaí Eorpacha agus Gníomhaíochta Eachtraí, Rialtas na Catalóine

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CNAR)

## I. *GLOBAL GATEWAY*: BUNCHLOCH NA hEORPA GEOPHOLAITIÚLA

1. Is díol sásaimh do CnaR uaillmhian an Choimisiúin Eorpaigh ról níos straitéisí agus níos geopholaitiúla a áirithiú don Aontas, go háirithe sa chomhthéacs atá ann faoi láthair inar gnách an rud é an éagobhsaíocht, géarchéimeanna iomadúla agus creimeadh an iltaobhachais. Mar chuid den drochscéal sin, is ag cúlú atá an cheannaireacht dhomhanda thraidisiúnta atá fréamhaithe i gcomhluachanna agus ní mór don Aontas céim chun cinn a ghlacadh chun fís den tsíocháin, den chomhar, den dlúthpháirtíocht agus den fhorbairt chuimsitheach a chosaint agus chun é féin a chur i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna).

2. Cuireann CnaR i bhfáth nach mór don Aontas luachanna Eorpacha an daonlathais, an chomhionannais agus dhínit an duine a léiriú mar chuid den ról geopholaitiúil atá aige, agus nach mór dó, sa ról sin, a bheith comhsheasmhach le hAirteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar atá, an comhar um fhorbairt agus an tiomantas deireadh a chur leis an mbochtaineacht a bheith i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus a bheith comhsheasmhach leis na SFInna freisin.

3. Is díol sásaimh do CnaR an straitéis *Global Gateway*, straitéis shuaitheanta infheistíochta idirnáisiúnta an Aontais, agus an uaillmhian 'cur chuige 360°' a chur chun feidhme, rud lena n-áiritheofar go ndéanfar straitéis forbartha chomhtháite de *Global Gateway*, agus ina gcuimseofar an t-athchóiriú rialachais, neartú na n-institiúidí, an fhorbairt chríochach chuimsitheach agus speisialtóireacht agus forbairt áitiúil agus réigiúnach, lena n-áirítear rialachas il-leibhéil agus rannpháirtíocht an iliomad gníomhaithe. Is ríthábhachtach an méid sin chun freagairt do dhúshláin chasta dhomhanda agus chun ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda straitéiseach atá bunaithe ar luachanna a neartú.

4. Cuireann CnaR i dtreis gur cheart do *Global Gateway* an uaillmhian sin a léiriú trí acmhainní a shlógadh le haghaidh bonneagar inbhuanaithe agus trí chomhpháirtíochtaí fadtéarmacha a thógáil a bheidh bunaithe ar iontaoibh agus ar thorthaí intomhaiste. Forbairt institiúideach agus neartú na gcóras daonlathach ba cheart a bheith mar bhonn ag straitéis fhiúntach.

## II. AN STRAITÉIS *GLOBAL GATEWAY* A LOGÁNÚ

5. Tugann CnaR chun suntais go bhfuil samhail na coimhdeachta agus an rialachais il-leibhéil ar cheann de na sócmhainní is sainiúla atá ag an Aontas, agus gurb iad na rialtais áitiúla agus réigiúnacha chumhachtaithe is bonn taca leo. Ní hamháin gur gníomhaithe polaitiúla iad na rialtais áitiúla agus réigiúnacha ach is soláthraithe seirbhíse iad freisin a bhfuil inniúlachtaí agus saineolas acu i gcuid mhór earnálacha a dtugann *Global Gateway* tosaíocht dóibh — an t-iompar, an tsláinte, an t-oideachas, an fuinneamh, an aeráid, an digitiú agus an bonneagar. Go háirithe, ba cheart béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé tacú leis an ngairmoiliúint i dtíortha tionscnaimh, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i dtíortha comhpháirtíochta, mar phríomhuirlis chun fothú acmhainneachta a chur chun cinn, poist chuibhiúla a chruthú agus bunchúiseanna na himirce neamhrialta a laghdú. Ar an gcaoi chéanna, fágann a chóngaraí atá siad do na saoránaigh agus a dhlúithe atá siad leabaithe sna limistéir áitiúla gur comhpháirtithe fíor-riachtanacha iad maidir le hinfheistíochtaí seachtracha a chur i gcomhréir le riachtanais forbartha. Is amhlaidh an cás leis an sainordú daonlathach atá acu, óir fágann sé gur dlisteanach dóibh ról comhpháirtíochta a bheith acu i gcur chun feidhme tionscadal forbartha.

6. Chun go mbeidh tionchar geopholaitiúil an Aontais bunaithe ar fhorbairt institiúideach agus ar neartú na gcóras daonlathach, cuireann CnaR i bhfáth gur cheart do *Global Gateway* cúrsaí rialachais agus acmhainneachta a threisiú lasmuigh de na rialtais náisiúnta agus den earnáil phríobháideach agus tuilleadh a dhéanamh ar an leibhéal fonáisiúnta.

7. Aithníonn CnaR go raibh na rialtais áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach arís is arís eile i dtionscadail *Global Gateway*, agus molann sé an obair leanúnach atá ar bun ag an gCoimisiún Eorpach chun na dea-shamplaí sin a shainaithint. Molann sé freisin iarrachtaí an Choimisiúin teagmháil níos fearr a chothú idir toscaireachtaí an Aontais agus na rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus cur chuige nuálach a fhorbairt chun tacú leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe trí bhíthin sásraí nuálacha maoiniúcháin. Iarrann CnaR go leathnófaí na tionscnaimh sin agus go mbeidís fréamhaithe ó thaobh struchtúir de i gcroílár na straitéise *Global Gateway*.

8. In ainneoin na ndea-shamplaí sin, aithníonn CnaR nach mór ról na rialtas áitiúil agus réigiúnach i gcur chun feidhme na straitéise *Global Gateway* atá ann faoi láthair a threisiú chun ábharthacht chríochach, dlisteanacht dhaonlathach agus inbhuanaitheacht infheistíochtaí an Aontais a áirithiú. Ní mór prionsabail inmheánacha an Aontais maidir le coimhdeacht, dílárú agus rialachas il-leibhéil a léiriú sa straitéis. Agus an Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt á chur chun feidhme faoin straitéis, ba cheart ceachtanna a fhoghlaim ó na gnéithe rathúla de bheartas comhtháthaithe an Aontais agus cur leo. Áiritheofar, ar an gcaoi sin, go gcaomhnóidh sé an rialachas áitiúil agus go gcloífidh sé leis an bprionsabal ‘gan aon réigiún a fhágáil ar lár’ trí riachtanais chríochacha shonracha a chur san áireamh, go háirithe i réigiúin teorann nó iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí atá suite ar ilchríocha a dtugtar tosaíocht dóibh i straitéis gheopholaitiúil an Aontais, go háirithe an Afraic agus Meiriceá Laidineach.

9. Meabhraítear do CnaR gur aithin an tAontas roimhe seo an tábhacht a bhaineann leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe i gComhdhearcadh Eorpach 2017 maidir le Forbairt, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa agus sna teachtaireachtaí ón gCoimisiún in 2013 agus 2017. D’fhág na teachtaireachtaí sin gur cruthaíodh bunús normatach tábhachtach trína dhearbhú nach amháin go gcuireann na rialtais áitiúla agus réigiúnacha cabhair ar fáil, ach gur comhpháirtithe straitéiseacha iad san idirphlé beartais agus i logánú na gclár oibre forbartha.

10. Aithníonn CnaR, áfach, gur beag obair leantach oibríochtúil a rinneadh agus go bhfuil gá le creat beartais athnuaite lena nascfar go sainráite rannpháirtíocht na rialtas áitiúil agus réigiúnach le huaillmhianta *Global Gateway*. Cuireadh deireadh de réir a chéile le hionstraimí airgeadais sonracha faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair agus faoin gcéad leagan den Eoraip Dhomhanda, rud a chruthaigh bearna idir na rúin a bhí leis na beartais agus cur chun feidhme na mbeartas, fiú má tá baint ag tosca eile freisin le ról teoranta na rialtas áitiúil agus réigiúnach.

11. Gan gné chríochach níos láidre a bheith ann, cuireann CnaR i bhfios go láidir nach n-éireoidh le *Global Gateway* an fócas a bhogadh ón mbonneagar go comhpháirtíocht chuimsitheach il-gheallsealbhóra, agus go mbeidh an baol ann go measfar gur cleachtadh brandála é den chuid is mó. Sna cásanna sin ina bhfuil inniúlachtaí tábhachtacha ag na rialtais áitiúla agus réigiúnacha maidir le torthaí cuimsitheacha inbhuanaithe a bhaint amach agus an fhorbairt eacnamaíoch áitiúil a threisiú, ní mór an infheistíocht a bheith ina dlúthchuid de na creataí rialachais agus na héiceachórais chríochacha. Tá na cineálacha cur chuige críochacha sin ríthábhachtach chun an bhearna atá ann faoi láthair idir na straitéisí náisiúnta agus na riachtanais áitiúla a dhúnadh.

12. Meabhraíonn CnaR gur cheart ról na rialtas áitiúil agus réigiúnach a threisiú i struchtúir rialachais fhiúntacha *Global Gateway*. Cé gurb ann do ‘Ardán Comhairleach na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil’, tá an tArdán sin fós á thógáil, is annamh a thionóltar é, agus ní thugann sé ról ar leith do na rialtais áitiúla agus réigiúnacha toisc go ngrúpáiltear iad le raon leathan eagraíochtaí sochaí sibhialta agus nach n-aithnítear iad mar rialtais. Iarrtar ar na rialtais áitiúla agus réigiúnacha go minic ról a bheith acu maidir le cur chun feidhme infheistíochtaí ach ní thugtar cumhachtaí cinnteoireachta ná acmhainní dóibh. Baineann an t-eisiamh institiúideach sin an bonn d’inchreidteacht an Aontais agus d’éifeachtacht na ngníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil.

13. Cuireann CnaR in iúl gur mór an ról atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an straitéis *Global Gateway* a bhaint amach, go háirithe trí bhíthin rannpháirtíocht dhaonlathach, úinéireacht áitiúil agus torthaí inbhuanaithe a áirithiú. Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfadh toscaireachtaí AE ról do na bardais agus na réigiúin ar bhealach córasach a mhéid a bhaineann le tionscadail shuaitheanta a dhearadh agus a chur chun cinn.

14. Tugann CnaR dá aire gur bac struchtúrach fós é tearcmhaoiniú ainsealach na rialtas áitiúil agus réigiúnach, fadhb a léiríodh ag an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú na Forbraíochta. Fágann an spás fioscach teoranta agus an rochtain neamhleor ar mhaoiniú fadtéarmach, go mbaintear an bonn dá gcumas rannchuidiú le cláir oibre dhomhanda, agus ba cheart samhlacha maoinithe nua a leathnú trí thógáil ar chleachtais den scoth atá in úsáid cheana.

15. Tugann CnaR faoi deara go bhfuil bacainní struchtúracha roimh rialtais áitiúla agus réigiúnacha i dtíortha comhpháirtíochta maidir le rochtain a fháil ar chistiú idirnáisiúnta agus é a bhainistiú, sin mar gheall ar shrianta dlíthiúla agus acmhainneacht lag. Is measa fós an scéal sin mar gheall ar an gcomhordú teoranta le Toscaireachtaí an Aontais. Tá tacaíocht spriocdhírithe (comhordú le comhpháirtithe áitiúla agus comhpháirtithe an Aontais, oiliúint, cúnamh teicniúil, agus piarmheastóireacht) ríthábhachtach chun na rialtais áitiúla agus réigiúnacha a chumhachtú mar ghníomhaithe straitéiseacha in *Global Gateway*.

16. Tarraingíonn CnaR aird ar infheictheacht theoranta na rialtas áitiúil agus réigiúnach sa chumarsáid a dhéantar i dtaobh *Global Gateway* agus an rialachais air. Tagann sé salach ar shamhail inmheánach an Aontais maidir le coimhdeacht agus rialachas il-leibhéil caitheamh leo mar thairbhithe éighníomhacha. Dá gcuirfí an choimhdeacht chun cinn go seachtrach, mhéadófaí tionchar an Aontais agus neartófaí inchreidteacht an Aontais mar chomhpháirtí domhanda. Rud eile de, chabhródh sé le cur chuige *Global Gateway* a chur in oiriúint do chomhthéacsanna leochaileacha inarb iad na rialtais áitiúla agus réigiúnacha na príomhghníomhaithe go fóill ó thaobh seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil nó inarb iad an t-aon institiúid iad, go deimhin, ar féidir leis an Aontas obair leo.

17. Is mian le CnaR aird a tharraingt ar na spásanna ábhartha atá ann cheana féin, cuir i gcás Fóram na Réigiún agus na gCathracha le haghaidh Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus an t-idirphlé beartais idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le logánú SFInna chun logánú *Global Gateway* a chur chun cinn. Molann CnaR do na Ballstáit leas a bhaint as na hardáin sin go córasach chun fuinneamh a choinneáil, chun idirphlé il-leibhéil a neartú agus chun dearcadh na ndaoine áitiúla a choinneáil i lár an chomhair idirnáisiúnta.

18. Measann CnaR go bhfuil sé d'aidhm ag an straitéis féin comhpháirtíochtaí comhionanna a thógáil, agus má tá *Global Gateway* le hacmhainneacht iomlán a bhaint amach, ní mór dó a bheith ina ardán comhpháirtíochta agus comhúinéireachta. Tá sé ríthábhachtach do sprioc *Global Gateway* na rialtais áitiúla agus réigiúnacha a chomhtháthú ón tús i ndearadh agus i gcur chun feidhme na straitéise agus san fhaireachán a dhéanfar uirthi. Is díol sásaimh dó gur cuireadh na pointí sin san áireamh i ndréacht-tuarascáil Pharlaimint na hEorpa maidir le *Global Gateway — na tionchair roimhe seo agus an treo don todhchaí* (2025/2073 (INI)).

19. Meabhraíonn CnaR gur minic gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an leibhéal deireanach a chuidíonn le daoine i gcásanna leochaileacha agus coinbhleachta. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas cláir shonracha a fhorbairt chun a n-acmhainneachtaí daonnúla, athléimneachta agus téarnaimh a neartú, lena n-áirítear cothú na síochána.

**III. LEAS A BHAINT AS AN gCOMHAR DÍLÁRAITHE SAN EORAIP DHOMHANDA**

20. Athdhearbhaíonn CnaR nach mór d'uaillmhian gheopholaitiúil an Aontais dul níos faide ná infheistíocht sa bhonneagar. Ní mór di a bheith bunaithe ar fhorbairt chuimsitheach lena neartaítear institiúidí daonlathacha agus poiblí, lena gcuirtear muinín, saineolas agus speisialtóireacht chun cinn agus lena gcumhachtaítear gníomhaithe áitiúla. Tá sé ríthábhachtach na rialtais áitiúla agus réigiúnacha a chomhtháthú trí rannpháirtíocht struchtúrtha agus comhar díláraithe más uainn láidreachtaí rialachais na hEorpa a chur chun cinn ar fud an domhain agus torthaí inbhuanaithe claochlaitheacha a áirithiú. Is fíor sin go háirithe i gcás réigiúin an Aontais atá lonnaithe i limistéir gheografacha eile a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas agus a bhfuil dlúthbhaint ag a gcobhsaíocht le cobhsaíocht na limistéar sin.

21. Tugann CnaR faoi deara gur féidir leis an Aontas, trí bhíthin an chomhair dhíláraithe, comhpháirtíochtaí idir piaraí a chothú lena bhfeabhsaítear an chuntasacht dhaonlathach, an athléimneacht institiúideach agus an fhorbairt ón mbun aníos sna tíortha comhpháirtíochta. Cruthaítear leis an bhfianaise ó ardáin an chomhair dhíláraithe agus ó chomhairliúcháin le AS INTPA agus AS MENA go gcuireann cuir chuige chríochacha feabhas ar an dlisteanacht agus ar an inbhuanaitheacht. Measann sé freisin gur gá tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil d'fhothú acmhainneachta sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sna tíortha comhpháirtíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann le hullmhú tionscadal, bainistiú airgeadais agus saineolas teicniúil. Tugann CnaR dá aire go bhfuil an comhar díláraithe ag teacht go hiomlán leis an aistriú faoi *Global Gateway* i dtreo comhpháirtíochtaí comhionanna bunaithe ar leasanna frithpháirteacha. Thairis sin, tugann sé chun suntais go spreagann na rialtais áitiúla agus réigiúnacha cheana féin na hearnálacha príobháideacha ina gcríocha faoi seach mar chuid den chomhar idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidís buntáiste soiléir iomaíoch a thabhairt don tairiscint faoi *Global Gateway* trí chur le slabhraí luacha áitiúla.

22. D'fhonn leas a bhaint as an acmhainneacht sin dearbhaíonn CnaR nach mór rialtais áitiúla agus réigiúnacha na hEorpa a chomhtháthú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. Ar an gcaoi sin, cruthófar sásraí le gur féidir leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha comhoibriú go díreach leis na húdaráis ar an leibhéal comhfhreagrach sna tíortha comhpháirtíochta freisin. Cuireann comhar den sórt sin timpeallacht chumasúcháin ar fáil le haghaidh na n-infheistíochtaí, a bhfuil dhá thairbhe aige mar atá rialachas daonlathach a chur chun cinn agus torthaí forbartha críochaí éifeachtacha a bhaint amach. Is meascán riachtanach é sin le haghaidh inchreidteacht agus thionchar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Ba cheart sásraí a chruthú freisin lena dtabharfaí ról do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i mBallstáit nach bhfuil in ann, ar chúiseanna dlíthiúla, a bhfoinsí ioncaim féin a shlógadh don chomhar idirnáisiúnta um fhorbairt. Cuireann CnaR in iúl freisin go bhfuil gá le dlúthchomhar faoi chuimsiú Thionscnamh Fhoireann na hEorpa, trína bhféadfadh na cathracha agus na réigiúin a gcuid saineolais a chur ar fáil, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus soláthar seirbhísí cuimsitheacha.

23. Is díol sásaimh do CnaR an obair ullmhúcháin a rinneadh don Chomhshocrú don Mheánmhuir agus an próiseas comhairliúcháin leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, agus iarrann sé ar AS MENA leanúint den idirphlé struchtúrtha sin le linn chur chun feidhme an Chomhshocraithe agus an nuashonraithe a dhéanfar air amach anseo. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil sé beartaithe ionú sonrach a bhunú don Mheánmhuir laistigh de *Global Gateway*, agus iarrann sé ar AS INTPA agus ar AS MENA a áirithiú go ndéanfar an tionscnamh sin a dhearadh agus a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, chun an tionchar críochach a uasmhéadú agus braistint cheart úinéireachta a chothú i réigiún a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis don Aontas.

24. Aithníonn CnaR nach leor agus gurb ilroinnte na bealaí atá ann faoi láthair le haghaidh an chomhair dhíláraithe, Ardán Comhairleach na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil, cuir i gcás, agus na treoirthionscadail maidir le hardáin il-gheallsealbhóra i roinnt Toscaireachtaí den Aontas.

25. Is díol sásaimh do CnaR an Clár Idirnáisiúnta um Chomhar Uirbeach agus Réigiúnach (IURC) arna chur chun feidhme go comhpháirteach ag an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh agus ag AS REGIO, rud atá ina ardán nithiúil le haghaidh comhpháirtíochtaí idir piaraí, aistriú eolais agus comhar díláraithe, lena n-áirítear an clár EU Cities Gateway. Cuirtear na réigiúin san áireamh faoin gclár sin ach tugann CnaR dá aire, áfach, go bhfuil na cláir um chomhar díláraithe ilroinnte go fóill. Cuireann CnaR in iúl go gcabhraíonn comhar díláraithe le héiceachórais an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach don Gheilleagar Sóisialta. Rud eile a thugann CnaR dá aire go gcuireann na héiceachórais sin samhlacha eacnamaíocha cothroma agus inbhuanaithe chun cinn, go gcuireann siad feabhas ar shlabhraí luacha áitiúla agus go rannchuidíonn siad le cuir chuige ón mbun aníos a threisiú, agus sineirgí á gcruthú acu freisin idir gníomhaithe críochacha agus comhpháirtithe.

26. Aithníonn CnaR gur bac tromchúiseach sa leagan reatha de CAI é an easpa ionstraimí airgeadais sonracha le haghaidh an chomhair dhíláraithe. Toisc gur cuireadh deireadh de réir a chéile leis na cláir a bhí ann roimhe seo le haghaidh na rialtas áitiúil agus réigiúnach, tá bearna le feiceáil anois in éiceachóras an chomhair dhíláraithe. Cé go socraíonn an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) — an Eoraip Dhomhanda tagarmharcanna le haghaidh chistiú na n-údarás áitiúil faoi chláir gheografacha, tá rochtain ar an gcistiú sin fós teoranta agus láraithe den chuid is mó, rud a chuireann srian le cumas na rialtas áitiúil agus réigiúnach a bheith rannpháirteach go díreach.

27. Measann CnaR go gcuireann an comhar díláraithe, go háirithe comhpháirtíochtaí idir cathracha agus idir réigiúin, sásra ar fáil le haghaidh foghlaim fhrithpháirteach, neartú institiúideach agus aistriú feasa gnó. Cothaítear leis na comhpháirtíochtaí sin freisin cur chuige duinelárnach atá ag teacht le luachanna agus tosaíochtaí an Aontais, rud a fhágann gur féidir gníomhú ní hamháin mar dheontóir ach mar chomhpháirtí don fhorbairt inbhuanaithe dhaonlathach. Comhlánaíonn na comhpháirtíochtaí sin na straitéisí náisiúnta trí ardáin rialachais il-gheallsealbhóra a chruthú, áit a dtagann na rialtais áitiúla agus réigiúnacha le chéile leis an tsochaí shibhialta, an saol acadúil agus gnólachtaí chun réitigh a chomhchruthú.

**IV. MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

28. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) aitheantas foirmiúil a thabhairt do na rialtais áitiúla agus réigiúnacha — san Aontas agus sna tíortha comhpháirtíochta araon — mar ghníomhaithe straitéiseacha chun an straitéis *Global Gateway* a mhúnlú, a chur chun feidhme, a rialú agus faireachán a dhéanamh uirthi. Chuideodh an t-aitheantas sin leis na hinfheistíochtaí a chur i gcomhréir le fíorthosaíochtaí críochacha, agus leis an dícheangal atá ann faoi láthair a chur ina cheart, mar atá idir an phleanáil ar an macraileibhéal agus riachtanais na bpobal.

29. Cuireann CnaR i bhfáth gur cheart aitheantas iomlán a thabhairt sa straitéis *Global Gateway*, lena cur chuige nua 360°, d'acmhainneacht réigiúin teorann an Aontais i ngarchomharsanacht na limistéar a bhfuil tosaíocht gheopholaitiúil ag baint leo don Aontas, agus don phríomhról is féidir a bheith ag na réigiúin sin mar ardáin don chomhar, don chobhsaíocht agus don fhorbairt leis na tíortha comhpháirtíochta timpeall orthu.

30. Molann CnaR go n-eiseodh an Coimisiún Teachtaireacht nua maidir le ról na rialtas áitiúil agus réigiúnach sa chomhar um fhorbairt agus í a chur i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus leis na SFInna, ag tógáil ar fhasaigh 2008 agus 2013. Mar chuid de sin nascfaí go sainráite rannpháirtíocht na rialtas áitiúil agus réigiúnach le cuspóirí *Global Gateway*, d'athdhearbhófaí a ról mar ghníomhaithe polaitiúla, agus chuirfí treoir nuashonraithe ar fáil maidir leis na sásraí dá rannpháirtíocht struchtúrtha i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

31. Tathantaíonn CnaR ar an Aontas an comhar díláraithe a chomhtháthú mar mhódúlacht aitheanta, lena mbunófar creataí comhairliúcháin struchtúrtha a mbeidh baint chórasach ag na rialtais áitiúla agus réigiúnacha leo i gcéimeanna clársceidealaithe infheistíochtaí *Global Gateway*. Ba cheart iad sin a chur san áireamh i dTionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus i bpleanáil ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, d'fhonn a áirithiú go mbeidh na rialtais áitiúla agus réigiúnacha san áireamh sna treochláir agus san idirphlé ar an leibhéal náisiúnta. Le sásraí comhdheartha den sórt sin, chuirfí borradh faoi úinéireacht, dlisteanacht agus cuntasacht ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Ba cheart an comhionannas inscne, rannpháirtíocht na n-óg agus cosaint an spáis shibhialta a chomhtháthú mar thosaíochtaí trasearnála i gcreataí comhairliúcháin struchtúrtha.

32. Cuireann CnaR i bhfáth nach mór próiseas pleanála trédhearcach a bheith i bhfeidhm sa straitéis *Global Gateway* mar aon le sásraí soiléire chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag an straitéis. Molann CnaR, agus grinnscrúdú á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa, ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an deis a thapú chun cúrsaí inbhuanaitheachta agus cuntasachta a fheabhsú. Iarrann CnaR, i ndáil leis sin, go ndéanfaí creataí agus táscairí diana fianaisebhunaithe a neartú chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag tionscadail *Global Gateway* ar phobail áitiúla. Tathantaíonn CnaR go gcuirfí marcóir neamhionannais (I-Marker) i bhfeidhm a oiread agus is féidir, go háirithe maidir le *Global Gateway*. Dar le CnaR ba cheart do *Global Gateway* cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chomhlíonadh i gcónaí agus nasc a bheith aige le táscairí forbartha daonna. Molann CnaR 'marcóir logánaithe' a chur san áireamh chun a mheas cá mhéad den chuimsitheacht atá sa tionscadal *Global Gateway* agus cá mhéad a thacaíonn sé leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Cuireann sé i bhfáth gur gá córais láidre tagarmharcála a bheith ann chun a chinntiú go rachaidh tionscadail chun tairbhe do gach páirtí lena mbaineann i gcónaí agus go mbeidís i gcomhréir le spriocanna laghdaithe na bochtaineachta i gcónaí, lena n-áirítear táscairí maidir le cruthú post cuibhiúil agus rannpháirtíocht FBManna. Is díol sásaimh dó gur cruthaíodh leathanach gréasáin de chuid an Choimisiúin ar a bhfuil faisnéis maidir le tionscnaimh *Global Gateway* atá ann cheana, agus iarrann sé ar an gCoimisiún tuilleadh sonraí a fhoilsiú, lena n-áirítear torthaí na gcomhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta ón dá réigiún, chomh maith le faisnéis maidir le comhlíonadh na SFInna agus tosaíochtaí an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta araon, maille le tagarmharcanna agus táscairí. Ar deireadh, cuireann CnaR i bhfáth gur cheart infheistíochtaí *Global Gateway* a bheith comhleanúnach le Comhaontú Pháras, agus coimircí aeráide agus bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm ag céim an chlársceidealaithe.

33. Iarrann CnaR ar an Aontas an straitéis *Global Gateway* a chur i gcomhréir leis na gealltanais idirnáisiúnta a rinneadh le linn an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú na Forbraíochta, go háirithe aghaidh a thabhairt ar thearcmhaoiniú ainsealach na rialtas áitiúil agus réigiúnach. Molann CnaR maoiniú díreach a dhíriú ar na rialtais fhonáisiúnta chun an dílárú fioscach a neartú agus chun tacaíocht intuartha a chur ar fáil d'infheistíocht phoiblí áitiúil atá ag teacht leis na SFInna. Trí dhul i ngleic leis an scrogall sin, threiseodh *Global Gateway* acmhainneacht institiúideach na rialtas áitiúil agus réigiúnach agus chruthófaí timpeallachtaí cumasúcháin chun go n-éireodh leis an infheistíocht, go háirithe i gcomhthéacsanna leochaileacha, míshocra, nó coinbhleachta.

34. Iarrann CnaR go gcruthófaí ardáin bhuana il-gheallsealbhóra san Aontas agus sna tíortha comhpháirtíochta araon chun an comhar a áirithiú idir na rialtais náisiúnta, na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach. Cuireann na hardáin sin bealach ríthábhachtach ar fáil chun infheistíochtaí na straitéise *Global Gateway* a dhaingniú in éiceachórais forbartha atá leabaithe go háitiúil agus ba cheart dóibh cur le struchtúir atá ann cheana amhail an Fóram Beartais um Fhorbairt, Ardán Comhairleach na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil agus Fóram débhliantúil na Réigiún agus na gCathracha, agus an dúbláil á seachaint san am céanna. D'áiritheodh na hardáin sin an chuntasacht chomhroinnte freisin agus rannchuideoidís le muinín a chothú idir institiúidí agus saoránaigh. Measann CnaR gur cheart breathnú ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar phríomhghníomhaithe i gcur chun feidhme na straitéise *Global Gateway*. Is féidir leo a áirithiú go ndéanfaí tionscadail shuaitheanta a shainaithint, a phleanáil agus a chur chun feidhme agus go ndéanfaí faireachán orthu ar bhealach cuimsitheach inbhuanaithe atá fréamhaithe go háitiúil. Gan rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tionchar ná dlisteanacht ag infheistíochtaí an Aontais san fhadtéarma.

35. Tathantaíonn CnaR go gcuirfí na rialtais áitiúla agus réigiúnacha san áireamh i rialachas foirmiúil *Global Gateway* ar leibhéal an Aontais, sa bhreis ar an bpáirt theoranta a ghlacann siad faoi láthair san Ardán Comhairleach, agus lena n-áirítear ionadaíocht i gcomhlachtaí stiúrtha nó comhairleacha. Molann sé freisin go gceapfaí pointí fócasacha do rannpháirtíocht na rialtas áitiúil agus réigiúnach laistigh de AS INTPA, AS MENA agus de Thoscaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach sna tionscadail. Leis na hathchóirithe sin, thabharfaí de chumhacht do na rialtais áitiúla agus réigiúnacha ní hamháin róil oibríochtúla a bheith acu ach róil straitéiseacha freisin maidir le pleanáil, comhordú agus faireachán.

36. Molann CnaR go ndéanfaí líne bhuiséid ar leith le haghaidh na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus an chomhair dhíláraithe a chur san áireamh in CAI tar éis 2027, rud lena n-athbhunófaí an tacaíocht fhadtéarmach do chomhpháirtíochtaí idir cathracha agus idir réigiúin atá dírithe ar fhothú acmhainneachta, ar fhorbairt institiúideach agus ar an nuálaíocht i seirbhísí poiblí. Bheadh an líne bhuiséid sin ríthábhachtach chun an aird a thugann *Global Gateway* ar bhonneagar crua a chomhlánú le hinfheistíochtaí san fhorbairt dhaonna. Trí líne den sórt sin a chruthú, d'éireodh leis an Aontas tionchar ní ba chothroime agus ní b'inbhuanaithe a áirithiú, agus bheadh sásra láidir ann freisin trína ndéanfaí comhpháirtithe straitéiseacha de na rialtais áitiúla agus réigiúnacha, fiú i gcomhthéacsanna leochaileacha ina bhféadfadh na rialtais láir iarracht a dhéanamh rochtain na rialtas áitiúil agus réigiúnach a theorannú.

37. Tathantaíonn CnaR go ndéanfaí comhordú níos láidre idir na cláir um chomhar idir cathracha agus idir réigiúin atá ann cheana chun an dúbláil a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh siad ag teacht le cuspóirí straitéiseacha *Global Gateway*. Bheadh sé mar thoradh air sin freisin tionchar agus infheictheacht na tacaíochta a thugann an tAontas do na rialtais áitiúla agus réigiúnacha a fheabhsú, agus a ról mar phríomh-chomhpháirtithe sa chomhar um fhorbairt á threisiú freisin. Molann CnaR go leathnófaí an clár um chomhar uirbeach agus réigiúnach idirnáisiúnta (IURC) de chuid AS REGIO chun réigiúin na Meánmhara agus na hAfraice a chur san áireamh, áit ar féidir le comhpháirtíochtaí leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha breisluach láidir a thabhairt. Arís eile, chuirfeadh sineirgí den sórt sin feabhas ar inchreidteacht agus infheictheacht an Aontais mar chomhpháirtí domhanda.

38. Molann CnaR go gcuirfí rochtain dhíreach ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sna tíortha comhpháirtíochta ar bhonn trialach agus le tacaíocht ó chomhpháirtithe Eorpacha, agus sineirgí á lorg le geallsealbhóirí áitiúla eile, amhail comhlachais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, chomh maith le hardáin il-gheallsealbhóra Thoscaireachtaí an Aontais, le go mbeifí in ann tástáil a dhéanamh ar shamhlacha inscálaithe maidir leis an gcaoi ar féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme infheistíochtaí maille le tacaíocht theicniúil agus meantóireacht. Bheadh na treoirthionscadail sin ina n-ionstraimí chun institiúidí athléimneacha a thógáil, fios gnó a fheabhsú, agus nuálaíocht dhaonlathach a chothú.

39. Cuireann CnaR i bhfáth gur cheart d'infheistíochtaí *Global Gateway* na caighdeáin maidir leis an trádáil chóir, slabhraí soláthair inbhuanaithe agus an dícheall cuí corparáideach a chur chun cinn ionas nach mbainfear an bonn de na geilleagair áitiúla. Measann sé freisin gur cheart cothú na síochána agus na slándála aeráide a chur chun cinn sna tíortha comhpháirtíochta a bhuí leis na hinfheistíochtaí sin.

40. Iarrann CnaR go dtabharfaí na huirlisí agus na hacmhainní is gá do Thoscaireachtaí an Aontais chun dul i dteagmháil le rialtais áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear oifigigh rialachais chríochaigh agus prótacail struchtúrtha le haghaidh idirphlé. Chuirfí dea-chleachtais agus uirlisí ábhartha ar fáil dóibh ina leith sin dá méadófaí an comhordú le comhlachais na rialtas áitiúil agus réigiúnach agus le córais na Náisiún Aontaithe, idir chomhghuaillíocht Local2030 de chuid na Náisiún Aontaithe agus Fhoirne Tíre na Náisiún Aontaithe. D'fhágfadh an rannpháirtíocht neartaithe go n-áiritheofaí go léireofaí dinimic chríochach go córasach sa chlársceidealú agus ba mhó an seans go mbainfí amach torthaí inbhuanaithe.

41. Aithníonn CnaR a thábhachtaí atá ceannasacht agus neamhspleáchas rialála na dtíortha comhpháirtíochta. Tugann sé chun suntais go n-urramaíonn *Global Gateway* na nithe sin go hiomlán ach molann sé go ndéanfaí íoschaighdeáin cheangailteacha maidir le saincheisteanna sóisialta, comhshaoil, trédhearcachta agus chearta an duine a leabú i ngach tionscadal, maille le comhairliúchán agus maoirseacht chuimsitheach.

42. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach tithíocht leordhóthanach inacmhainne a aithint go sainráite mar earnáil tosaíochta laistigh de *Global Gateway*, mar aon leis na réimsí sin a dtugtar aitheantas dóibh cheana féin, cuir i gcás an t-iompar, an córas sláinte, an t-oideachas, an fuinneamh, an aeráid, an digitiú agus an bonneagar. Cuireann CnaR i bhfáth gur bunchloch den fhorbairt chríochach chuimsitheach í an tithíocht agus go bhfuil cruthúnas ann go spreagann sí an rathúnas, an athléimneacht agus an comhtháthú sóisialta.

43. Iarrann CnaR go gcuirfí feabhas ar straitéisí cumarsáide chun léiriú ní b'fhearr a thabhairt ar rannchuidiú na rialtas áitiúil agus réigiúnach agus an chomhair dhíláraithe, agus comhpháirtíochtaí rathúla á gcur chun cinn mar shamplaí suaitheanta de ghníomhaíochtaí domhanda an Aontais. Iarrann sé freisin go n-úsáidfí taithí Bhallstáit an Aontais ar phleanáil spásúlachta chuimsitheach agus ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe chun a áirithiú go rannchuideodh *Global Gateway* go follasach le forbairt áitiúil chuimsitheach a bheadh inbhuanaithe san fhadtéarma. Trí chur leis an infheictheacht, léireofar freisin gur dea-rialachas agus infheistíocht straitéiseach in inchreidteacht gheopholaitiúil an Aontais é cumhachtú na rialtas áitiúil agus réigiúnach.

An Bhruiséil, an 10 Nollaig 2025.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Kata TÜTTŐ